

Bileog Oibre 4A: DVD-SESE

Féach ar na gearrscannáin staire agus déan na tascanna thíos.

Stair an CLG.

1. Cathain a bunaíodh an CLG?
2. Ainmnigh cuid de na daoine a bhunaigh an CLG?
3. Cad a bhí tar éis tarlú in Éirinn daichead bliain roimh bhunú an CLG?
4. Cén fáth a raibh bunú an CLG tábhachtach?

Faigh níos mó eolais faoi stair an CLG ag www.cul4kidz.com

An CLG i 1948

1. Cén ócáid atá le feiceáil ar an scannán seo?
2. Cé hiad na foirne a bhí ag imirt?
3. Ainmnigh cuid de na bealaí taistil atá le feiceáil ar an scannán.
4. Cén fáth a raibh sé tábhachtach a bheith ag an gcluiche go luath?
5. Cé a bhuaigh an cluiche?
6. Déan liosta de na difríochtaí ar fad a fheiceann tú idir dul chuig cluiche CLG sa bhliain 1948 agus sa lá atá inniu ann.

An draíocht a bhaineann le Déantús Camán

1. Conas a dhéanann duine camán?
2. Cén t-ábhar a úsáideann duine chun camán a dhéanamh?
3. Céard iad na huirlisí a úsáideann duine chun camán a dhéanamh?
4. Conas a dhéanann an déantóir camán cur síos ar “chamán maith”?
5. Céard leis a raibh an chéad chamán cosúil?
6. Céard a d’úsáid daoine sna “seanlaethanta” chun an camán a dhéanamh mín?

Cén scannán is mó a thaitin leat sa chuid seo? Cén fáth?



Bileog Oibre 4B: Tús na hIománaíochta

Cloisimid faoin iománaíocht den chéad uair ag Cath Mhaigh Tuireadh (atá i gCo Mhaigh Eo) a tharla breis is 3000 bliain ó shin. Tharla an cath i 1272RC agus bhí dhá threibh dhraíochtaag troid in aghaidh a chéile ann. Na hainmneacha a bhí orthu ná na *Fir bolg* agus na *Tuatha De Danann*. Bhí na Fir Bola ag rialú na hÉireann ag an am. Roimh an gcath, thug siad cuireadh do na Tuatha De Danann, cluiche iománaíochta a imirt ina n-aghaidh. Bhí 27 imreoir ar gach aon fhoireann sa chluiche. Bhuaigh na Fir bolg an cluiche ach chaill siad an cath.

Bhí an iománaíocht an-tábhachtach i saol fir óig a bhí ag ullmhú chun bheith ina ghaiscíoch. Ba é an gaiscíoch ba mhó cáile ná Setanta nó Cú Chulainn. Nuair nach raibh sé ach ocht mbliana d'aois d'fhág Setanta a áit chónaithe i gCuaille chun dul chuig a uncail, an Rí Conchubhair Mac Neasa ag a phálas in Eamhain Macha. Bhí scoil ansin a mhúin do bhuachaillí óga conas bheith ina ngaiscígh. An t-ainm a bhí ar na daltaí ná An Macra. Nuair a shroich sé an pálas bhí an-áthas ar Setanta nuair a chonaic sé na buachaillí eile ag imirt iománaíochta. D'fhan sé ag féachaint orthu ar feadh tamaill. Ansin bheartaigh sé féin dul ag imirt. Níor thuig sé nach raibh cead ag strainséirí imirt sna cluichí seo. Fuair sé an liathróid agus rith sé chuig an taobh eile den pháirc agus an liathróid ar a chamán aige. Ní raibh aon bhuachaill eile in ann an liathróid a bhaint de. D'ionsaigh na gaiscígh óga é. Chaith siad a gcuid camán leis mar a bheadh sleánna ann. Stop sé iad lena chamán féin agus ansin rith sé isteach i measc na mbuachaillí agus leag sé go talamh iad. Rith cuid acu chuig an bpálas agus shábháil an Rí iad. Ghlaogh an Rí Conchubhair na buachaillí chuige agus chuir sé a nia in aithne dóibh. D'fhill siad ar fad ar an bpáirc agus lean siad ar aghaidh leis an gcluiche, agus bhí an Rí ag féachaint orthu. Ba é Setanta laoch an chluiche. Ní raibh an luas ná an scil chéanna ag aon bhuachaill eile. Bhí a uncail an-bhródúil as Setanta mar ba ghearr go raibh sé ar an mbuachaill ab fherr sa scoil. Ní raibh aon bhuachaill eile in ann an ceann is fear a fháil air ag rith, ag coraíocht, ag iománaíocht ná ag caitheamh sleá.



Tascanna:

1. **Cérbh é Conchubhair Mac Neasa?**
2. **Cérbh iad an 'Macra'?**
3. **Conas a mhothaigh na buachaillí eile nuair a thosaigh Setanta ag imirt sa chluiche?**
4. **Cén fáth a raibh an Rí bródúil as Setanta?**
5. **Tarraing pictiúir den radharc is fearr leat ón scéal agus mínigh cén fáth ar maith leat é.**
6. **Déan liosta de na mothúcháin a bhí ag Setanta ag amanna éagsúla sa scéal seo.**
7. **Inis an scéal arís i bhur ngrúpaí féin.**



Bileog Oibre 4C: Cú Chulainn

Lá amháin fuair an Rí Conchubhair cuireadh chuig féasta i dteach a ghabha dubh, darbh ainm Culann. Níor chas Setanta riamh ar Chulann agus mar sin bheartaigh an Rí a nia óg a thabhairt leis chuig an bhféasta. Ach tharla sé nuair a bhí an Rí ag fágáil go raibh Setanta i lár cluiche iománaíochta. Gheall sé don Rí go leanfadh sé níos déanaí é. Chuir Culann fáilte roimh an Rí agus a aíonna chuig a theach. Ansin d'fhiafraigh sé díobh an raibh gach duine tagtha. Rinne an Rí dearmad ar Setanta agus d'fhreagair sé go raibh na haíonna ar fad i láthair. Nuair a chuala sé é seo, lig Culann amach cú fíochmhar chun an teach a chosaint fad is a bhí an féasta ar siúl.



Nuair a bhí cluiche Setanta thart, ar aghaidh leis go tapa chuig an bhféasta. Thug sé leis a chamán, a shleá agus a shliotar chun an t-aistear a ghiorrú. Thug sé poc don sliotar san aer. Ansin chaith sé an tsleá leis an tsliotar chun é a bhualadh. Rug sé orthu araon sular bhuaíl siad an talamh. Ba ghearr go raibh sé taobh amuigh de theach Chulainn. Go tobann, léim an cú ar Setanta agus rinne sé iarracht é a ionsaí. Rug Setanta ar a shliotar agus bhuaíl sé go láidir é. Chuaigh an sliotar isteach díreach i mbéal an chú. Ghreamaigh sé ina scornach agus mharaigh sé é.

Chuala an Rí an gleo ar fad. Go tobann chuimhnigh sé ar Setanta. Bhuaíl faitíos é go raibh an cú tar éis é a mharú. Ach bhí ionadh an domhain ar na haíonna nuair a chonaic siad Setanta ina sheasamh os cionn an chú agus an cú marbh. Bhí gliondar ar Chonchubhair ach bhí fearg ar Chulann mar go raibh a chú marbh. Gheall Setanta go bhfaigheadh sé cú nua chun an teach a chosaint. Dúirt sé go gcosnódh sé féin caisleán Chulainn go dtí sin. An Ghaeilge atá ar an bhfocal béarla 'hound' ná cú. Mar sin bheartaigh Conchubhair an t-ainm Cú Chulainn a thabhairt ar Setanta ón lá sin amach.

Tascanna:


1. *Déan liosta de na mothúcháin a bhí ag Setanta ag amanna éagsúla i rith an scéil. Scríobh síos cad ba chúis leis na mothúcháin sin?*
2. *Cérbh é Culann?*
3. *Conas a ghiorraigh Setanta an t-aistear?*
4. *Cad a tharla nuair a tháinig Setanta chomh fada leis an bhféasta?*
5. *Conas a mhothaigh an Rí nuair a chonaic sé go raibh Setanta beo?*
6. *Cad is brí leis an leasainm 'Cú Chulainn'?*
7. *Tarraing pictiúir den radharc is fearr leat ón scéal seo?*



4 STAIR

BILEOGA OIBRE 4A - 4F


BILEOGA OIBRE AN DALTA



4D




The
GAA MUSEUM
CROKE PARK



Bileog Oibre 4F: Imreoirí ón am atá thart.

D'imir **Christy Ring** as Cluain ar son Chorcaí sna 1930dí, sna 1940dí, sna 1950í agus sna 1060dí. Ceapann a lán daoine gurbh é an t-imreoir ab fhearr riamh é. Ba é an leath-thosaí ar dheis ar 'Fhoireann Iomána na Mílaoise' an CLG.



D'imir Christy a chéad chluiche d'iománaithe Chorcaí i bhfómhar na bliana 1939 i Sraith Chluiche Náisiúnta. Sa bhliain 1941 bhuaigh iománaithe sinsir Chorcaí Craobh na hÉireann den chéad uair le deich mbliana. Bhí Ring ag imirt mar leath-thosaí ar dheis. Sa bhliain 1954 d'imir Corcaigh a dtríú Cluiche Ceannais uile Éireann as a chéile. An uair seo bhí siad in aghaidh Loch Garman os comhair slua ollmhór de bheagnach 85,000 míle duine. Ba é Christy Ring an captaen, agus bhuaigh sé a ochtú bonn uile Éireann. Sin curiarracht nár éirigh le haon imreoir eile é a shárú riamh ná ó shin.

Sa bhliain 1956 d'imir Christy i gcluiche Ceannais na hÉireann den deichiú uair agus den uair dheiridh. Bhí sé ar thóir a naoú bonn uile Éireann. Sa nóiméad deiridh shábháil cúl báire Loch Garman Art Foley, buille sármhaith ó Ring. Bhuail sé an liathróid go tapa suas an pháirc agus fuair sáriománaí eile, Nicky Rackard, cúl. Bhuaigh an cúl seo an cluiche do Loch Garman. Cé gur chaill Corcaigh, bhí an oiread sin de chothrom na Féinne ag baint le cosantóirí Loch Garman Nick O'Donnell agus Bobby Rackard gur ardaigh siad Ring ar a nguaillí agus gur iompar siad den pháirc é.

Cuireann an méid bonn agus corn a bhuaigh Christy alltacht ar dhaoine. Fad is a bhí sé ag imirt bhuaigh sé ocht gcinn de bhoinn iománaíochta uile Éireann (1941, 1942 1943 1944 1946 1952, 1953, 1954). Bhuaigh sé ceithre bhonn Sraithe Náisiúnta Iomána (1940, 1941, 1948, agus 1953) agus geansaí dearg Chorcaí á chaitheamh aige. Bhuaigh sé 18 bonn de chuid an Railway Cup agus é ag imirt ar son na Mumhan. D'imir sé i 22 craobhcluiche idir 1942 agus 1963. Agus é ag imirt don chlub, bhuaigh Ring 14 bonn chraobh an chontae le Glen Rovers agus craobh peile le Naomh Nioclás.

An raibh a fhios agat?

Tá trí shraith sa Chraobh Chomórtas Iomána uile Éireann. Tá trí chorn éagsúil ann: Corn Liam Mhic Chárthaigh, Corn Christy Ring, agus Corn Nicky Rackard.

Tascanna:

1. Cé mhéad bonn a bhuaigh Christy Ring?
2. Bhí meas mór ag imreoirí Loch Garman ar Christy Ring. Cén píosa den scéal a léiríonn é seo?
3. Cathain a d'imir Christy Ring a chéad chluiche ar son Chorcaí?
4. Déan cur síos ar an gcríoch a bhí le Cluiche Ceannais na hÉireann i 1956.
5. Tarraing líne ama a thaispeánann saol imeartha Christy Ring?
6. Cé hiad na buaiteoirí is déanaí ar Chorn Christy Ring, agus Corn Nicky Rackard?
7. Faigh níos mó eolais faoi Fhoireann Iománaíochta na Mílaoise an CLG ag www.gaa.ie.
8. Déan taighde ar sheanimreoir cáiliúil ó do chontae féin agus scríobh beathaisnéis, cosúil leis an gceann thuas.
9. Tá bailiúchán de bhoinn le Christy Ring ar taispeáint in iarsmalann an CLG. Orthu sin tá 1 bhonn iománaíochta mionúir, 7 mbonn sinsir iománaíochta, 4 bhonn iomána ón tSraith Náisiúnta agus 17 bonn de chuid Chorn an Bhóthair Iarainn. Tabhair cuairt orthu tú féin agus déan iad a chomhaireamh chun a fháil amach cé mhéad acu atá ann.

